

***Comhairle Contae Chill Dara***

***Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003***

***Scéim Teanga 2018-2021***

## Ábhair

Réamhrá .....	3
Caibidil 1 .....	4
Réamhrá agus Cúlra .....	4
An Dáta a Thosóidh an Scéim .....	5
Forbhreathnú ar Chomhairle Contae Chill Dara .....	6
Custaiméirí agus Cliaint .....	6
Measúnú ar an méid seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin .....	7
Caibidil 2 .....	7
Achoimre ar na seirbhísí/gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Ranna na Comhairle agus leibhéal an chumais Gaeilge .....	7
Ranna a Oibríonn trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon .....	8
Ranna a oibríonn le cumas teoranta trí Ghaeilge .....	8
An tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon .....	8
Seirbhísí Uisce .....	8
Tithíocht .....	9
Acmhainní Daonna .....	9
Seirbhísí Corparáideacha .....	9
Pobal agus Fiontar/Oifig Fiontair Áitiúil OFA .....	10
Airgeadas .....	11
Ranna a oibríonn gan aon chumas Gaeilge .....	11
Comhshaol .....	11
Ailtirí .....	11
Bóithre agus lompar .....	12
Mótarcháin .....	12
Spóirt, Fóillíocht agus Áineas .....	12
Pleanáil .....	13
Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide .....	13
Caibidil 3 .....	14
Seirbhísí Dátheangacha a sholáthar .....	14
Bealaí Cumarsáide leis an bPobal .....	14
Tá sé beartaithe feabhas a chur ar mhodhanna cumarsáide i nGaeilge, faoin Scéim seo mar seo a leanas: .....	14
Cumarsáid ó Bhéal .....	14
Teicneolaíocht an Eolais .....	15
Cáipéisíocht i Scríbhinn .....	15
Preas-eisiúintí .....	16
Cumarsáid leis na Meán .....	16

Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Gaeilge Eile .....	16
Poist Shainithe Ghaeilge: .....	16
Oifigeach Gaeilge.....	16
Stáiseanóireacht agus Comharthaíocht .....	16
Forbairtí Tithíochta a Ainmniú .....	17
Caibidil 4.....	18
Oiliúint agus Forbairt.....	18
Caibidil 5.....	19
Monatóireacht, Athbhreithniú agus Poibliú a dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe, An Leagan Oifigiúil den Scéim Chomhaontaithe.....	19

## **Réamhrá**

Fáiltimid roimh fhoilsiú na scéime seo a hullmhaíodh i gcomhar le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus a cheadaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Creidimid go gcuirfidh an scéim le hinfhaighteacht seirbhísí poiblí Gaeilge agus go gcuideoidh sí chun an Ghaeilge a chothú i gContae Chill Dara.

Léiríonn an scéim mar a bheartaíonn an chomhairle chontae a hoibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le húsáid na Gaeilge sa tréimhse 2018 go 2021. Beidh dúshláin shuntasacha ann i gcontae nach í an Ghaeilge teanga oibre fhormhór na ndaoine ann. Mar sin féin, le dea-thoil na gcomhaltaí agus na foirne agus clár oiliúna Gaeilge leanúnach, táimid muiníneach go gcomhlíonfar na dúshláin agus go sárófar iad.

Tá buíochas tuillte ag an bhfoireann a bhí rannpháirteach i measúnú inmheánach na seirbhísí, acusan a bhfuil roinnt oiliúna déanta acu cheana féin iad siúd atá le hoiliúint sa todhchaí agus ag comhaltaí tofa na comhairle dá dtacaíocht leanúnach.

POF: Peadar Ó Ciardha

Méara: Mairtín Ó Maolaoidh

## **Caibidil 1**

### **Réamhrá agus Cúlra**

Is í seo an dara Scéim Teanga de chuid Chomhairle Contae Chill Dara a ullmhaíodh faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá foráil san Acht go bhfuil sé de

dhualgas ar chomhlacht poiblí scéim reachtúil a ullmhú a shonraíonn na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tá na bearta leagtha amach sa scéim seo a chuirfear i gcrích maidir le cén seirbhísí a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge laistigh de chlár ama pleanáilte

Ullmhaíodh an scéim le haird ar threoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 arna eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tá Comhairle Contae Chill Dara á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- An leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- Acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Chomhairle Contae Chill Dara ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

D'fhoilsigh Comhairle Contae Chill Dara fógra rúin chun scéim a ullmhú de réir Alt 13 (1)(a) den Acht agus cuireadh na haighneachtaí go léir a fuarthas dá bharr san áireamh agus an Scéim seo á chur in eagar.

Tá forbhreachnú gearr ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Dara san áireamh sa scéim seo.

Tá seirbhísí áirithe ann a bhfuil gach custaiméir ina dteideal de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 mar shampla freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras i nGaeilge, cáipéisí áirithe a fhoilsiú i nGaeilge, lena n-áirítear ár dTuarascáil Bhliantúil.

Tá sé i gceist leis an scéim seo leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear do chustaiméirí Chomhairle Contae Chill Dara i nGaeilge.

### **An Dáta a Thosóidh an Scéim**

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh feidhm leis an scéim ó 15 Eanáir 2018 agus leanfar i mbun feidhme ar feadh tréimhse 3 bliana nó go ndeimhneoidh an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

## **Forbhreathnú ar Chomhairle Contae Chill Dara**

Tá straitéis chorparáide na n-údarás áitiúil leagtha amach inár bPlean Corparáide 2015-2019 – *“Cill Dara a dhéanamh mar an áit chun Cónaí, Foghlaim, Obair, Cuartaíocht agus Gnó a dhéanamh”*.

Díríonn an Plean Corparáide ar na bealaí a mbeidh seirbhísí le forbairt agus le seachadadh, chun go mbeidh rialtas áitiúil níos trédhearcaí agus níos cuntasáí trí dheis a thabhairt do na saoránaigh an leibhéal seirbhíse a thugann a gcomhairlí a mheas. Tá sé mar aidhm againn fás cothromaithe a chinntiú agus ár dtimpeallacht tógtha agus nádúrtha a fheabhsú.

Seo a leanas na príomhluachanna eagraíochtúla a bhainfear leas astu chun ár bhfís a bhaint amach:

- Dul Chun Cinn Eacnamaíoch
- Comhpháirtíocht
- Inbhuanaitheacht Chomhshaoil
- Uilechuimsitheacht Shóisialta
- Rannpháirtíocht an Phobail
- An Timpeallacht Nádúrtha a Fheabhsú
- An Timpeallacht Tógtha a Chosaint
- Cumarsáid agus Nuálaíocht
- Rialtas Láidir

Rangaítear feidhmeanna Comhairle Contae Chill Dara faoi na hocht ngrúpa cláir seo a leanas:

- Tithíocht agus Tógáil
- Iompar agus Sábháilteacht ar an mBóthar
- Dreasachtaí Forbartha agus Rialú
- Cosaint an Chomhshaoil
- Áineas agus Taitneamhacht
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Ginearálta agus Nithe Ilghnéitheacha
- Seirbhísí Uisce

## **Custaiméirí agus Cliant**

Tá Contae Chill Dara comhdhéanta de 1,694 ciliméadar cearnach agus tá daonra de bheagnach 190,000 duine ann. Tháinig fás gan sárú ar an daonra sa chontae le roinnt blianta anuas ach mar sin féin, tá an daonra scaipthe go míchothrom agus tá beagnach aon tríú den daonra ina gcónaí sna bailte Cill Droichid, Léim an Bhradáin agus Maigh Nuad nó thart timpeall na mbailte sin.

Bíimid i dteagmháil go laethúil le raon éagsúil custaiméirí, go himmheánach agus go seachtrach araon. Is iad ár gcomhaltaí foirne na custaiméirí inmheánacha. Is iad

comhaltaí tofa, daonra an chontae, ár ndaonra neamhbhuan a bhíonn ag taisteal tríd an chontae go laethúil, custaiméirí leictreonacha, , mar aon leo seo a leanas ár gcustaiméirí seachtracha:

- An tAire agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aireachta eile
- Comhaltaí an Oireachtais
- Gníomhaireachtaí Stáit Eile
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí pobail áitiúla
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí seirbhísí san earnáil phríobháideach
- Gnólachtaí príobháideacha áitiúla

Is é Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás. an príomhphointe seirbhíse do Chomhairle Chontae Chill Dara. Tá pointe seirbhís eile lonnaithe i Ráth Stíobhaird, Baile Átha Í. Tá líonra Leabharlanna suite ar fud an chontae freisin, mar aon le cúig oifig ceantar bardasach, agus bíonn custaiméirí in ann a bheith i dteagmháil linn iontu sin go léir.

Tá forbairt ár láithreán gréasáin mar chuid lárnach dár straitéis de sheirbhís do chustaiméirí. Bímid ag cuidiú lenár gcustaiméirí níos mó agus níos mó trí fheabhas a chur ar an tslí chun gnó a dhéanamh ar líne. Áirítear ar shamplaí den sórt sin mótarcháin nó íocaíochtaí i ndáil le táillí bruscair agus spreagfaimid daoine na saoráidí den scoth seo a úsáid an méid agus is féidir.

### **Measúnú ar an méid seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin**

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos forleithne i nGaeilge agus ar chaighdeán níos airde. Soláthraíonn Comhairle Contae Chill Dara seirbhís an-teoranta faoi láthair go dátheangach nó trí mheán na Gaeilge. Tá sé mar aidhm sa Scéim seo leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar leibhéal agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthrófar trí Ghaeilge de réir a chéile.

## **Caibidil 2**

### **Achoimre ar na seirbhísí/gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Ranna na Comhairle agus leibhéal an chumais Gaeilge**

Sa chaibidil seo, leagtar amach an seasamh i ndáil le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí i ranna aonair laistigh de Chomhairle Contae Chill Dara agus an cumas Gaeilge i ngach aon roinn.

## **Ranna a Oibríonn trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon**

I láthair na huair, níl aon roinn laistigh de Chomhairle Contae Chill Dara ábalta a gcuid seirbhísí uile a sheachadadh go dhátheangach.

## **Ranna a oibríonn le cumas teoranta trí Ghaeilge**

Tá foireann sna ranna a leanas ábalta seirbhís dátheangach teoranta a thabhairt do chustaiméirí faoi láthair. Tá measúnú na seirbhíse bunaithe ar imlonnú na foirne reatha agus d'fhéadfadh sin athrú ag brath ar infhaighteacht na foirne laistigh de Rannóga

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Dara dianiarracht freagairt don éileamh feadh na ranna trí fhoireann a ath-implonnú nuair is féidir. D'éirigh thar cionn leis na socruithe seo, ach go háirithe sna rannóga seo a leanas.

- An tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon
- Seirbhísí Uisce
- Tithíocht
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha
- Pobal agus Fiontar/Oifig Fiontair Áitiúil OFA
- Airgeadas

## **An tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon**

Oibríonn an tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon trí líonra de cheithre bhainse leabharlainne dhéag agus Seirbhís Leabharlainne Soghluaiste, lena Ceancheathrú ag Bruach na hAbhann sa Droichead Nua. Tá an tseirbhís rannpháirteach i gcur chun cinn imeachtaí ealaíon, oideachais agus cultúir ar fud an chontae agus bíonn go leor imeachtaí den sórt sin ar bun sna brainsí leabharlainne éagsúla. Tá raon leabhar Gaeilge ag na pointí seirbhíse go léir, do dhaoine fásta agus do leanaí araon. Cuirtear ábhar nua i nGaeilge leis an stoc ar bhonn leanúnach; cuidíonn na feabhsúcháin ollmhóra ar chaighdeán agus ar tharraingteacht na bhfoilseachán Gaeilge le blianta beaga anuas le soláthar an stoic nua sin, go háirithe i ndáil le leabhair do leanaí. Déantar gach iarracht chun éascú le hiarratais ar ábhar Gaeilge ar leith. Tá raon ábhar cluas-amhairc sna brainsí go léir freisin, ag leibhéal éagsúla chun cuidiú leosan ar mian leo foghlaim faoin nGaeilge nó feabhas a chur ar a nGaeilge labhartha. Tá roinnt comhaltaí d'fhoireann na leabharlainne ábalta Gaeilge a labhairt agus a scríobh agus déantar gach iarracht freastal ar úsáideoirí na leabharlainne ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an tseirbhís trí Ghaeilge.

## **Seirbhísí Uisce**

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as ceangail uisce agus séarachais agus soláthar deontais do thoibreacha ar son Uisce Éireann. Tá na foirmeacha iarratais do na seirbhísí sin i mBéarla agus i nGaeilge. Sa chás go bhfaightear iarratas ar sholáthar seirbhíse i nGaeilge, déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéileálfar leis i nGaeilge. Thionscain an Roinn Seirbhísí Uisce polasaí ina bhfoilseofar gach fógra



stoptha uisce go dátheangach. Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

### **Tithíocht**

Tá an Roinn Tithíochta freagrach as tithíocht an údaráis áitiúla a sholáthar. Comhlíontar an dualgas sin trí aonaid tithíochta a thógáil agus a cheannach chun cóiríocht a thabhairt d'iaratasóirí incháilithe ar an liosta tithíochta. Bíonn an tÚdarás Tithíochta freagrach ansin as aonaid a leithroinnt agus a ligean ar cíos agus iad a choinneáil go ginearálta.

Ní soláthróir cóiríochta agus sin amháin níos mó iad údaráis áitiúla, agus bítear gníomhach agus rannpháirteach i saol na n-eastát tithíochta. Tá foireann pearsanra speisialach sa chomhairle seo atá fostaithe chun (a) éascú le pobail áitiúla lena bhforbairt féin, agus (b) dul i ngleic le hiompar frithshóisialta i dtithíocht an údaráis áitiúla. Tá oibríthe pobail fostaithe chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú i dtionscadail tithíochta sóisialta agus ar an tslí sin feabhas a chur ar chaighdeán saoil trí shaoránacht gníomhach agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn. Tugtar tacaíocht do chumainn cónaitheoirí freisin, do thionscnaimh áineasa do dhaoine óga agus do dhaoine níos sine mar aon le clár oideachais do chónaitheoirí an údaráis áitiúla. Tá oiliúint réamh-thionóntachta mar chuid den phróiseas anois chun éascú le tionóntaí nua bogadh isteach le pobail nua agus a bheith rannpháirteach go gníomhach iontu.

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta tithíocht inacmhainne freisin agus leithroinntear na haonaid sin chuig iaratasóirí incháilithe ar an liosta tithíochta inacmhainne atá againn. Tá pacáistí airgeadais chun cuidiú leis an bpobal tithíocht phríobháideach a fháil, i.e. iasachtaí do thithíocht inacmhainne agus iasachtaí d'úinéireacht roinnte ar fáil freisin. Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

### **Acmhainní Daonna**

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as na nithe seo a leanas: foireann nua a earcú agus a roghnú, an fhoireann a chur faoi oiliúint agus iad a fhorbairt, bainistiú ar thinreamh, leas na foirne, caidreamh fostaithe san áit oibre, polasaí acmhainní daonna a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, caidreamh oibreachais agus pinsin. Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

### **Seirbhísí Corparáideacha**

Soláthraíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí rúnaíochta do chruinnithe na comhairle contae agus a coistí. Ullmhaíonn an roinn seo clár oibre, miontuairiscí agus cáipéisíocht thacaíochta do chruinnithe reachtúla agus cruinnithe speisialta na comhairle freisin. Tá fógraí freastail ag cruinnithe na comhairle contae á n-eisiúint faoi láthair go dhátheangach. Áirítear ar na seirbhísí eile a sholáthraítear cumarsáid, cúram do chustaiméirí, clár na dtoghthóirí, deontais ardoideachais agus cóiríocht/cothabháil oifige. Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

## Pobal agus Fiontar/Oifig Fiontair Áitiúil OFA

Tá pobail uilechuimsitheacha láidir agus inbhuanaithe á gcruthú i measc na bhfeidhmeanna is tábhachtaí de chuid Chomhairle Contae Chill Dara. Mar chuid den phróiseas sin, tá comhshaol sláintiúil sóisialta agus eacnamaíoch a chinntiú do na pobail go léir i gContae Chill Dara. Soláthraíonn an Roinn Pobail agus Fiontair raon seirbhísí atá leagtha amach chun uilechuimsitheacht shóisialta a spreagadh agus daoine a bheith gníomhach i bhforbairt a bpobal féin lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Deontais taitneamhachta, féilte agus pobail a bheidh mar bhonn do ghníomhaíocht pobail i bhforbairt tionscadail uilechuimsitheach a bheidh comhdhéanta de na hearnálacha go léir sa phobal, le súil agus forbairt pobail inmharthana, inbhuanaithe a chothú agus éascú le forbairt Ómós Áite dóibh siúd a bhíonn ina gcónaí laistigh de phobal agus caipiteal sóisialta a fhorbairt
- Tacú le Tionscnamh Ómós Áite Chill Dara
- Forbairt Chomhairle na nÓg a éascú agus a bheith rannpháirteach ann go gníomhach
- Tacú le ceantar ainmnithe RAPID i mBaile Átha Í, tionscadail INTERREG agus tionscnaimh chúplála
- Ag seirbhísiú agus ag tacú le Coiste forbartha pobail áitiúil Contae Chill Dara maidir le cuspóirí i straitéis an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2021 a sheachadadh, straitéis ina chuimsítear bearta agus gníomhartha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir Chontae Chill Dara agus na daoine uilig ann a chur chun cinn go gníomhach
- Grúpaí na mbailte slachtmhara a spreagadh chun cur isteach ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus deontas dreasachta a thabhairt dóibh chun sin a dhéanamh
- Dhá sparántacht oideachais a bheidh dírithe ar dheis staidéir ag an tríú leibhéal a sholáthar do dhaoine nach mbeadh ar a gcumas cúrsa staidéir a dhéanamh mar gheall ar mhíbhuntáiste nó míchumas tromchúiseach. (Is do chúrsaí tríú leibhéal i réimse na forbartha pobail den chuid is mó, cé nach go heisiach, Sparántacht William G. Carroll. Tá sé i gceist go gclúdódh Sparántacht Oideachais Chill Dara do Daoine faoi Mhíchumas aon chúrsa tríú leibhéal).

Is é príomhchuspóir an Oifig Fiontair Áitiúil a bheith mar chatalaíoch, nasc agus mar ghníomhaire d'fhorbairt eacnamaíoch sa chontae trí na nithe seo a leanas:

- Láithreáin tionsclaíoch agus gnó d'ardchaighdeán a chur chun cinn
- Nascáil le gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíocha ó thaobh pleanáil chun cinn d'fhorbairt tionsclaíoch agus gnó an chontae
- Nascáil le gníomhaireachtaí chur chun cinn agus le hinstiúidí oideachais
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh gnó agus iad a chothú ag gach leibhéal, turasóireacht san áireamh
- Bheith mar lár-phointe le h-aghaidh cruinnithe réamh-phleanála do gach tionscadal go bhfuil acmhainneacht fostaíochta aige.

Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

### **Airgeadas**

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na comhairle, cúrsaí ioncaim agus caipitil araon. Áirítear orthu monatóireacht agus rialú ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse, iasachtaí fadtéarmacha agus riachtanais léasaithe a shocrú agus infheistiú i gcistí barrachais.

Bítear ag plé ar bhonn laethúil freisin le cuntasáíocht maidir leis an t-airgead uile a íocann an chomhairle nó a íoctar leis an gcomhairle. Íoctar ioncam na comhairle nó caiteachas laethúil as foinsí mar na Rátaí Tráchtála, Táillí Uisce Tráchtála, Deontais Rialtais agus cineálacha éagsúla eile ioncaim mar chúis tithíochta, táillí iarrtais phleanála etc. Braitheann an t-airgead caipitil a bhíonn ar fáil ar leithroinntí Rialtais i réimsí mar Thithíocht, Bhóithre agus Sheirbhísí Comhshaoil etc. Sáraíonn ioncam bliantúil agus caiteachas caipitil le chéile €440 milliún faoi láthair. Tá cainteoirí Gaeilge sa roinn seo a bheadh sásta déileáil leis an bpobal nuair a lorgáítear sin agus nuair a bhítear ar fáil.

### **Ranna a oibríonn gan aon chumas Gaeilge**

Níl na Ranna seo a leanas ábalta seirbhís duine ar dhuine a sholáthar do chustaiméirí trí Ghaeilge faoi láthair. Le hearcaíocht agus oiliúint mar atá leagtha amach i gCaibidil 3 tá súil againn go mbeidh gach roinn in ann seirbhís aon le haon a chur ar fáil trí Ghaeilge i saolré an phlean seo.

- Comhshaol
- Ailtirí
- Forbairt Eacnamaíoch
- Bóithre agus Iompar
- Mótarcháin
- Spóirt, Fóillíocht agus Áineas
- Pleanáil
- Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide

### **Comhshaol**

Tá an Roinn Seirbhísí Comhshaoil freagrach as seirbhísí bainistithe dramhaíola. Soláthraíonn an roinn seo seirbhísí glantacháin freisin, lena n-áirítear rialú bruscair, cláir feasachta comhshaoil agus rialáil agus forfheidhmiú dramhaíola. Áirítear ar na seirbhísí eile a sholáthraítear, tailte adhlactha a sholáthar agus madraí agus capaill a rialú.

### **Ailtirí**

Soláthraíonn an Roinn Seirbhísí Ailtireachta na seirbhísí seo a leanas:

- Dearadh foirgnimh, dearadh uirbeach agus seirbhísí bainistithe tionscadail tógála chuig gach stiúrtóireacht.
- Comhairle pleanála i ndáil leis an bplean forbartha contae agus pleananna ceantair áitiúil a ullmhú agus i ndáil le hiarratais phleanála aonair.
- Tacaíocht theicniúil agus seirbhísí bainistíochta tionscadal ar chothabháil an stoc tógála reatha.
- Seirbhísí caomhnaithe do struchtúir chosanta faoi choimirce Chomhairle Contae Chill Dara

### **Bóithre agus Iompar**

Is é príomh-aidhm na Roinne Bóithre agus Iompair ná líonra de bhóithre poiblí so-chothabhálta a sholáthar, faoi réir sriantachtaí airgeadais agus acmhainní daonna. Tá an Roinn Bóithre agus Iompair freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus as cothabháil ar líonra fairsing de bhóithre atá breis agus 2,250 ciliméadair ina iomlán. Tá liosta de cheisteanna coitianta ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Chill Dara.

### **Mótarcháin**

Tá an Roinn Mótarcháin freagrach as ceadúnais feithiclí agus ceadúnais tiománaithe a eisiúint. Bíonn ár n-oifig ar oscailt don phobal ó 9.15 am go dtí 3.15 pm Dé Luain, Dé Máirt, Déardaoin agus Dé hAoine, agus ó 9.30 am go 3.15 pm Dé Céadaoin. Tá foirmeacha iarratais ar fáil san oifig, ag stáisiún garda agus leabharlanna áitiúla agus is féidir iad a íoschoipeáil ónar láithreán gréasáin freisin ina bhfuil roinn ar 'Cheisteanna a Chuirtear go Minic' freisin. Tá gach foirm iarratais ar fáil i nGaeilge ach iad a iarraidh. Bíonn na línte teileafóin ar oscailt ó Luan go hAoine ó 9.00 am go dtí 1.00 pm agus ó 2.00 pm go dtí 5.00 pm.

### **Spóirt, Fóillíocht agus Áineas**

Sa bhliain 1999, bhunaigh Comhairle Chontae Chill Dara Roinn Seirbhísí Fóillíochta chun aonad spóirt, fóillíochta agus áineasa a oibriú agus a bhainistiú. Ba í an chomhairle an dara údarás áitiúil sa tír a rinne a leithéid.

Tá an t-aonad freagrach as na nithe seo a leanas a bhainistiú:

- Ionad Spóirt agus Fóillíochta an Droichid Nua

Tá go leor feidhmeanna ag an roinn chun deiseanna spóirt, fóillíochta agus áineasa a sholáthar go díreach agus go hindíreach do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí, iad seo a leanas san áireamh:

- Seirbhísí páirceanna agus tírdhrechtú
- Áiteanna Súgartha a fhorbairt agus a chothabháil
- Spóirt a fhorbairt
- Hallaí don Phobal

Áirítear ar na seirbhísí a sholáthraítear i ndáil le páirceanna agus tírdhrechtú; dearadh agus bainistiú na bpáirceanna reatha, na spásanna oscailte agus na timpealláin sa chontae. Soláthraítear seirbhísí mar bhearradh crainn agus cur crainn, cur bleibíní ar fud an chontae freisin. Cuirtear comhairle ar fáil freisin do ranna eile agus do chumainn na mbailte slachtmhara agus do chumainn cónaitheoirí ach sin a iarraidh.

### **Pleanáil**

Is é cuspóir Údarás Pleanála Chontae Chill Dara forbairt inbhuanaithe a sheachadadh don ghlúin reatha agus do ghlúine amach anseo i gcomhar leis an bpobal. Baintear é sin amach trí sheachadadh éifeachtúil phróiseas iarratais phleanála laistigh de na tréimhsí reachtúla riachtanacha, clár forfheidhmithe éifeachtach a bhunú agus a chinntiú go gcomhlíonfar rialacháin tógála. Déanann an tÚdarás Pleanála gach iarracht rochtain phoiblí éasca a sholáthar ar gach gníomhaíocht phleanála, eolas agus nósanna imeachta trí chuntar poiblí éifeachtúil agus seirbhís ar líne a sholáthar.

### **Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide**

Tá an Roinn TE freagrach as na teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide go léir ar fud na heagraíochta a chomhordú agus a fheidhmiú. Trí idirchaidreamh le rannóga eile forbraítear cláir oibre agus polasaithe chun riachtanais iomlána na heagraíochta a léiriú. Beidh an rannóg seo rannpháirteach ag cuidiú le soláthar eolais agus seirbhíse trí Ghaeilge.

## Caibidil 3

### Seirbhísí Dátheangacha a sholáthar

#### Réamhrá

Ba cheart a thabhairt faoi deara, freisin, go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar méid na n-acmhainní, idir acmhainní argeadais agus acmhainní daonna, atá ar fáil don chomhairle. Ach é sin ráite, tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta dá ndualgais faoi Act na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh, agus do sheirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal, i gcomhréir le h-éileamh.

Rinneadh suirbhé ar fhoireann Chomhairle Contae Chill Dara chun cinntiú a dhéanamh ar an inniúlacht sa Ghaeilge atá ar fáil san eagraíocht. Léiríonn thorthaí an tsuirbhé dúinn go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge lag san eagraíocht. Mar sin féin feictear go bhfuil an inniúlacht sa Ghaeilge atá le fáil san eagraíocht oiriúnach don méid éilimh a fuarthas go dtí seo. D'éascaíodh gach éileamh a fuarthas ar sheirbhísí trí Ghaeilge le linn shaolré na Scéime reatha. Fuair an fhoireann deis a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí oiliúint ar fáil ag Comhairle Contae Chill Dara. Go dtí seo, tá seisear den fhoireann tar éis teastas leibhéal 5 i nGaeilge gairmiúla á chríochnú.

#### Bealaí Cumarsáide leis an bPobal

Bíonn formhór de bhealaí cumarsáide idir Comhairle Contae Chill Dara agus an pobal déanta i mBéarla, agus is beag an Ghaeilge a bhíonn curtha san áireamh.

Áirítear na nithe seo a leanas ar na modhanna cumarsáide:

- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preas-eisiúintí
- Láithreán Gréasáin
- Ríomhphost
- Bróisiúir agus Bileoga Eolais
- Cumarsáid duine ar dhuine ag deasca seirbhíse do chustaiméirí, cuntair seirbhíse agus leabharlanna
- Comharthaí

#### Tá sé beartaithe feabhas a chur ar mhodhanna cumarsáide i nGaeilge, faoin Scéim seo mar seo a leanas:

##### Cumarsáid ó Bhéal

Is é deasc na comhairle do sheirbhís do chustaiméirí an chéad phointe teagmhála atá ag cuairteoirí chuig Áras Chill Dara, agus déileálann ár n-oibreoirí teileafóin le gach glaoch ar ár bpríomhuimhir teileafóin.

- Tabharfaidh an fhoireann fáiltithe/ag an lasc-chlár chun ainm na Comhairle agus/nó ainm an rannóga a thabhairt i nGaeilge.

- Beidh siad ar an eolas maidir le beannachtaí bunúsacha Gaeilge agus tabharfar aitheantas d'iarratas ar sheirbhís i nGaeilge.
- Cuirfidh siad custaiméirí i dteagmháil leis an gcomhalta cuí den fhoireann a bheidh freagrach as an tseirbhís a bheidh riachtanach a sheachadadh.
- Cuirfear foireann na heagraíochta ar an eolas maidir le hainmneacha a gcomhghleacaithe atá sásta déileáil leis an bpobal i nGaeilge. Beidh an t-eolas sin le feiceáil inár gcóras inlín inmheánach.

Tá tús curtha le tionscnamh nua do chustaiméirí ar mian leo a dtáillí bruscair bliantúla a íoc trí leas a bhaint ar an gcóras teileafóin uathoibríthe trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaí an tsaoráid sin a shíneadh chuig seirbhísí íocaíochta uathoibríthe eile i rith shaolré an phlean seo.

### **Teicneolaíocht an Eolais**

- Tá raon mór den láithreán gréasáin, lena n-airítear na leathanaigh a bhaineann le príomh-rannóga Chomhairle Contae Chill Dara, le fáil i nGaeilge faoin gceannnteideal “Cúrsaí Gaeilge”.
- Cuirfear aon chórais idirghníomhacha nua ar fáil go dátheangach faoi réir ag soláthar córais riachtanacha/athruithe ar an gcóras ón Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.
- Déanfar córais idirghníomhacha reatha a uasghrádú chun a chinntiú go mbeidh siad ar fáil go dátheangach i rith shaolré na scéime seo, faoi réir ag soláthar córais riachtanacha ón Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.
- Cinnteoidh Comhairle Contae Chill Dara go mbeidh aon bhogearraí ríomhairí nua lena mbaineann inrochtaineacht phoiblí a fhorbrófar, déanta ar shlí go mbeidh an pobal in ann rochtain a dhéanamh air i nGaeilge agus cinnteofar freisin (an méid agus is féidir sin a bheith faoinár smacht) go ndéanfar córais reatha den sórt sin a chomhoiriúnú laistigh de shaolré na scéime seo.
- Tá an séanadh ar gach teachtaireacht ríomhphoist dátheangach anois.
- Tá seoladh ríomhphoist cineálach ‘as Gaeilge’ bunaithe chun éascú le freagra tapa i nGaeilge.

### **Cáipéisíocht i Scríbhinn**

I rith shaolré na scéime, feidhmeoidh Comhairle Contae Chill Dara na prionsabail a leanas maidir le gach cáipéisíocht i scríbhinn a tháirgfear:

- Tá gach bileog eolais agus foirm iarratais a chuireann Comhairle Contae Chill Dara ar fáil go dátheangach anois, agus tá siad ar fáil mar cháipéis amháin, muna dtarlaíonn go bhfuil méid, nádúr nó leagan amach na cáipéise ar shlí go mbeadh bileoga ar leith níos praiticiúla.
- Cuirfear aon bhileoga eolais nó foirmeacha iarratais de chuid Chomhairle Contae Chill Dara, a dhéanfar a uasghrádú nó a athbhreithniú le linn shaolré na Scéime seo, ar fáil go dátheangach, nó i leagain Ghaeilge agus Bhéarla ar leith, mar is cuí.

- Cuirfear gach foirm iarratais chaighdeánaithe náisiúnta, atá le fáil go dátheangach nó i leagan Gaeilge agus Béarla ar leith, ar fáil don phobal inár n-oifigí nó ar an láithreán gréasáin.

### **Preas-eisiúintí**

Le linn shaolré na scéime seo, táirgfear 20% de gach preas-eisiúintí go dátheangach agus ag an am céanna.

### **Cumarsáid leis na Meán**

Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara urlabhraithe ar fail le hagallaimh a dhéanamh leis na meán Ghaeilge nuair a iarrtar é.

### **Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Gaeilge Eile**

Aithníonn Comhairle Contae Chill Dara agus tugtar aitheantas don tosaíocht teanga ar leith atá ag scoileanna Gaeilge agus ag Gaelscoileanna i gContae Chill Dara mar aon le heagraíochtaí agus grúpaí Gaeilge eile atá ag oibriú ar fud an chontae agus go náisiúnta. Éascófar le soláthar seirbhísí Gaeilge do na comhlachtaí agus na grúpaí sin go háirithe thar shaolré na scéime seo, de réir na h-acmhainní atá ar fáil. Go h-áirithe, leanfaidh foireann Seirbhíse Leabharlainne agus Ealaíon le fearas agus áiseanna Ghaeilge a sholáthar sna leabharlanna poiblí, agus déanfaidh siad soláthar eachtraí cultúrtha trí Ghaeilge a éascú, nuair a iarrtar seo orthu.

### **Poist Shainithe Ghaeilge:**

#### **Oifigeach Gaeilge**

Ceapadh ball foirne reatha do phost dualgais breise mar Oifigeach Gaeilge in 2014. Rinne an tOifigeach Gaeilge monatóireacht ar chomhlíonadh na Comhairle maidir lena dualgais de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na rialacháin a bhaineann leis, agus thug sé comhairle agus cabhair do Chomhairleoirí agus do bhaill foirne maidir le comhfhreagras, comharthaíocht, bileoga eolais agus foirmeacha a aistriú, agus araile. Tá sé ar intinn go leanfar le hOifigeach Gaeilge a cheapadh le linn shaolré na Scéime seo.

#### **Stáiseanóireacht agus Comharthaíocht**

Rinneadh gach riachtanas reachtúil maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht a chomhlíonadh le linn shaolré na céad scéime. Go háirithe, cuireadh gach riachtanas maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht i gcrích roimh na spriocdátaí a tharla faoin am seo. Thug an tOifigeach Gaeilge cabhair maidir le seo mar ba ghá; rinneadh scrúdú ar stáiseanóireacht ó oifigí agus rannóga éagsúla chun comhlíonadh a chinntiú, agus cuireadh téacs ar fáil le h-aghaidh clúdaigh facs dátheangacha, mar a hiarradh. Cuireadh comharthaíocht dhátheangach ar fail do Shlí Stairiúil sa Nás, agus déanfar amhlaidh d'aon tionscadail chomhchosúil go leanfar leis le linn shaolré na Scéime seo. Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do mhonatóireacht agus comhlíonadh a chinntiú maidir leis na nithe seo. Cloífidh aon stáiseanóireacht nó comharthaíocht, a nuashonraithe le linn shaolré na scéime seo, na ceanglais reachtúla. Chun chur in iúl go bhfuil an chomhairle sásta glacadh le comhfhreagras i nGaeilge, cuirfear an fógra *“Cuirtear fáilte roimh comhfhreagras i nGaeilge”* ar nóta-pháipéir Chomhairle Chontae Chill Dara.



### **Forbairtí Tithíochta a Ainmniú**

Is é polasaí na comhairle, mar atá sa Phlean Forbartha Contae, ná go léireoidh ainmneacha na bhforbairtí cónaithe nua oidhreacht áitiúil trí logainmneacha áitiúla a úsáid nó ainmneacha tíreolaíochta, stairiúla nó cultúir a úsáid nuair a bheidh forbairtí cónaithe nua á n-ainmniú. Spreagtar agus leanfar ag spreagadh úsáid na Gaeilge i ngach moladh a bhaineann le hainmniú. D'fhéadfadh an t-údarás pleanála dul i gComhairle leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ina thaobh seo

## Caibidil 4

### Oiliúint agus Forbairt

Spreagann Údarás Áitiúla Chontae Chill Dara oiliúint agus forbairt do gach comhalta den fhoireann. Tá tiomantas inár gCairt do Shaoránaigh chun seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh ar shlí éifeachtach agus comhbhách agus d'fhonn sin oiliúint agus forbairt a sholáthar don fhoireann go leanúnach.

Chun tacú le seo, agus de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, éascóidh Údarás Áitiúla Chill Dara le haon bhall foirne gur mhian leis/léi feabhas a chur ar a chumas sa Ghaeilge, ré réir na n-acmhainní traenála atá ar fáil. Maidir le seo, díritear aire ar scéim teanga féinfhoghlama nua ar líne (Mango Languages), a bhaineann le Gaeilge agus le teangacha eile, atá ar fáil do bhaill leabharlainne tré láithreán ghréasáin Sheirbhíse Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Chontae Chill Dara. Fuair an fhoireann deis a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí oiliúint ar fáil ag Comhairle Contae Chill Dara. Go dtí seo, tá seisear den fhoireann tar éis teastas leibhéal 5 i nGaeilge gairmiúla á chríochnú, rud a spreag baill foirne chun "ciorcal comhrá" a thosú a thagann le chéile gach Céadaoin.

Mar aon leis na tograí nua seo thosaigh Coiste Gaeilge Chomhairle Contae Chill Dara scéim scoláireachtaí trínar gcuirtear cúigear mac léinn gach bliain chun coláiste Gaeilge.

## Caibidil 5

### **Monatóireacht, Athbhreithniú agus Poibliú a dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe, An Leagan Oifigiúil den Scéim Chomhaontaithe**

#### ***Monatóireacht agus Athbhreithniú***

Coinneoidh Comhairle Contae Chill Dara oibriú éifeachtach na scéime seo faoi athbhreithniú mar chuid dá phróiseas athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar fheidhmíocht agus déanfar mionsonraí ar an dul chun cinn a fhoilsiú inár dTuarascáil Bhliantúil. Bainisteoirí líne i ngach aon roinn atá freagrach as feidhmiú an Phlean laistigh dá réimsí féin a bheidh i bhfeighil na monatóireachta ó lá go lá.

#### ***Poibliú a dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe***

Déanfar ábhar na scéime a fhógairt don phobal i gcoitinne trí na nithe seo a leanas:

- Preas-eisiúint
- Foilsiú ar láithreán gréasáin Idirlín, Inlíon agus Eislíon na Comhairle
- Cuirfear seirbhísí Gaeilge feabhsaithe in iúl dár gcustaiméirí
- Seolfar cóip den Scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.